# AN RÚIS

Tá teannas sa chaidreamh idir AE agus an Rúis ó bhí 2014 ann mar gheall ar ionghabháil neamhdhleathach na Rúise ar na gCrimé, ar thacaíocht a bheith á tabhairt aici do ghrúpaí scarúnaíocha in oirthear na hÚcráine, ar a beartais díchobhsaithe sa chomharsanacht, ar a feachtais bhréagfhaisnéise agus trasnaíochta, agus ar sháruithe ar chearta an duine sa Rúis. Tar éis don Rúis tús a chur lena cogadh foghach neamhdhleathach gan chúis gan údar i gcoinne na hÚcráine an 24 Feabhra 2022, cuireadh an comhar polaitiúil, cultúrtha agus eolaíoch a bhí fágtha ar fionraí.

## AN BUNÚS DLÍ

— Teideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach: 'gníomhaíocht sheachtrach';

— Airteagail 206-207 (trádáil) agus Airteagail 216-219 (comhaontuithe idirnáisiúnta) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

— An Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair (CCC) (caidreamh déthaobhach).

## AN CAIDREAMH IDIR AE AGUS AN RÚIS

Go dtí agóidí ghluaiseacht Maidan san Úcráin i mí na Samhna 2013, bhí comhpháirtíocht straitéiseach á tógáil ag AE agus ag an Rúis (Comhaontú Comhpháirtíochta don Nuachóiriú a seoladh in 2010) agus bhí comhaontú nua á chaibidliú acu chun comhar a dhoimhniú a seoladh in 2008, lena gcumhdaítear, i measc réimsí eile, trádáil, an geilleagar, fuinneamh, athrú aeráide, taighde, oideachas, cultúr agus slándáil, lena n-áirítear frithsceimhlitheoireacht, neamhleathadh núicléach agus réiteach coinbhleachta sa Mheánoirthear. Thacaigh AE go diongbháilte le haontachas na Rúise leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) (a tugadh chun críche in 2012). Bhí ionghabháil neamhdhleathach na Rúise ar an gCrimé i mí an Mhárta 2014, an fhianaise ar an Rúis a bhí ag tacú le trodairí scarúnaíocha in Oirthear na hÚcráine, agus iarrachtaí na Rúise ar chur as don rochtain ar Mhuir Mheoid, ina siocair le tús le hathbhreithniú mór ar bheartas AE i leith na Rúise.

Ó bhí mí an Mhárta 2014 ann, tá bearta sriantacha á bhforchur de réir a chéile ag AE, mar a rinne na Stáit Aontaithe, Ceanada, an Astráil agus tíortha eile san Iarthar, i gcoinne na Rúise. I dtús báire, áiríodh i smachtbhannaí 2014 an Aontais i gcoinne na Rúise bearta sriantacha aonair amhail calcadh sócmhainní agus toirmisc ar víosaí a bhí dírithe ar chomhaltaí den scothaicme Rúiseach, scarúnaithe Úcránacha agus na heagraíochtaí a bhfuil baint acu leo, mar aon le smachtbhannaí taidhleoireachta, lenar áiríodh fionraí fhoirmiúil na gcruinnithe mullaigh idir an tAontas agus an Rúis agus na caibidlíochta maidir leis an gcomhaontú nua comhair idir AE agus an Rúis, chomh maith le fionraí na Rúise ó G8. Tháinig smachtbhannaí eacnamaíocha níos leithne i gcoinne na Rúise ina dhiaidh sin, agus is ar thrádáil leis an gCrimé a bhí na srianta tosaigh, chomh maith le smachtbhannaí earnála maidir le trádáil arm, fuinneamh agus comhar airgeadais leis an Rúis. Mar fhreagairt air sin, ghlac an Rúis frith-smachtbhannaí i mí

Lúnasa 2014, rud a chuir toirmeasc ar roinnt mhaith táirgí agraibhia de chuid an Aontais (arbh ionann iad agus 43 % d'onnmhairí agraibhia iomlána an Aontais chuig an Rúis agus 4.2 % d'onnmhairí agraibhia iomlána an Aontais chuig an domhan in 2013). D'ainneoin na smachtbhannaí agus na frith-smachtbhannaí, ba é AE fós an comhpháirtí trádála ba mhó a bhí ag an Rúis agus ba í an Rúis an cúigiú comhpháirtí trádála ba mhó a bhí ag AE go dtí 2021.

Ina theannta sin, rinne an tAontas athmheasúnú ar a chaidreamh leis an Rúis trí straitéis slándála domhanda AE ó 2016 inar sainíodh mar 'phríomhdhúshlán straitéiseach' iad. I mí an Mhárta 2016, bhunaigh an Chomhairle cúig threoirphrionsabal a bheadh le cur i bhfeidhm maidir leis an gcaidreamh idir AE agus an Rúis: (1) comhaontuithe Mhionsc maidir leis an gcoinbhleacht in Oirthear na hÚcráin a chur chun feidhme mar an príomhchoinníoll le haghaidh aon athrú substaintiúil ar sheasamh AE i leith na Rúise; (2) caidreamh neartaithe le Comhpháirtithe AE san Oirthear agus le comharsana eile, lena n-áirítear an Áise Láir; (3) athléimneacht AE a neartú (e.g. slándáil fuinnimh, bagairtí hibrideacha nó cumarsáid straitéiseach); (4) rannpháirtíocht roghnach leis an Rúis maidir le saincheisteanna ar díol spéise iad do AE; (5) an gá a bheith rannpháirteach i dteagmhálacha idirphearsanta agus tacú le sochaí shibhialta na Rúise.

Ón 24 Feabhra 2022, nuair a sheol Cónaidhm na Rúise a fogha míleata neamhdhleathach gan chúis gan údar faoin Úcráin, meastar gur ionsaitheoir i gcoinne na hÚcráine í an Rúis agus d'atreoraigh an tAontas a straitéis ar Chónaidhm na Rúise.

I mí an Mhárta 2022, ghlac AE a Chompás straitéiseach don tslándáil agus don chosaint, lenar aithníodh gur 'bhagairt fhadtéarmach dhíreach ar shlándáil na hEorpa' a bhí sa Rúis, rud a d'fhág gur tháinig athrú mór ar an gcaidreamh idir AE agus an Rúis ó 2016 i leith. Bhí an cur chuige sin mar bhonn taca níos daingne i gCoincheap Straitéiseach ECAT, a glacadh i mí an Mheithimh 2022, ina luaitear 'gurb í Cónaidhm na Rúise an bhagairt is suntasaí agus is dírí do shlándáil na gComhghuaillithe agus don tsíocháin agus don chobhsaíocht sa limistéar Eora-Atlantach'.

Dá bhrí sin, ó 2022 i leith, tá cur chuige an Aontais i leith na Rúise á threorú ag na prionsabail seo a leanas: (1) nach mór don Rúis a bheith scoite amach go hidirnáisiúnta agus smachtbhannaí a fhorchur uirthi chun cogadh a chosc; (2) nach mór don chomhphobal idirnáisiúnta cuntasacht a áirithiú tríd an Rúis, déantóirí aonair agus comhchoirithe atá freagrach as sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta agus ar choireanna cogaidh a rinneadh san Úcráin; (3) nach mór tacaíocht a thabhairt do chomharsana an Aontais, lena n-áirítear trí bheartais mhéadaithe an Aontais, agus chuidigh comhpháirtithe ar fud an domhain leo chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; (4) gur cheart tacú le dlúthchomhar le ECAT agus le comhpháirtithe ar fud an domhain chun an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chosaint; (5) nach mór athléimneacht an Aontais a fheabhsú, go háirithe maidir le slándáil fuinnimh agus bonneagar criticiúil, agus cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha na Rúise, ionramháil faisnéise agus trasnaíocht a chomhrac; (6) nach mór tacaíocht a thabhairt don tsochaí shibhialta, do chosantóirí chearta an duine agus do na meáin neamhspleácha laistigh agus lasmuigh den Rúis, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar bhagairtí ar an tslándáil agus ar an ord poiblí in AE.

Cháin an tAontas go neamhbhalbh cogadh foghach neamhdhleathach, gan chúis agus gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine, chomh maith lena hionsaithe ar shibhialtaigh

agus ar bhonneagar sibhialtach. Tá sé ag iarraidh go dtarraingeofaí trúpaí uile na Rúise siar láithreach agus gan choinníoll ó chríoch iomlán na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta. Chuir sé in iúl gur sárú follasach agus neamhnáireach é an cogadh foghach sin ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar bhunphrionsabail an dlí idirnáisiúnta, agus go bhfuil freagracht iomlán ar Chónaidhm na Rúise as. Leag Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Charles Michel, béim freisin ar na hiarmhairtí a bhí aige ar an ord domhanda, agus ar seisean de dhearbhú an 1 Márta 2022: 'Ní hí an Úcráin amháin atá faoi ionsaí. Tá an dlí idirnáisiúnta, an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, an daonlathas agus dínit an duine faoi ionsaí freisin. An sceimhlitheoireacht gheopholaitiúil, sin a bhfuil i gceist anseo.' Ina theannta sin, chuir ceannairí an Aontais i bhfios go láidir go ndéanfar an Rúis, an Bhealarúis agus iad siúd go léir atá freagrach as coireanna cogaidh agus as na coireanna eile is tromchúisí a thabhairt chun cuntais as a gcuid gníomhaíochtaí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Cháin an tAontas an Rúis freisin as úsáid an bhia mar uirlis chogaidh sa chogadh i gcoinne na hÚcráine agus as an ngéarchéim dhomhanda slándála a thionscain sí dá bharr sin. Mheas an tAontas freisin go raibh na bréag-reifrinn a reáchtáil an Rúis i mí Mheán Fómhair 2022 i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach neamhdhleathach agus neamhdhlisteanach agus dhiúltaigh sé go láidir don iarracht sin a rinne an Rúis a rialú míleata neamhdhleathach a dhlisteanú nó a normalú agus rinne sé iarracht codanna de chríocha na hÚcráine a ionghabháil.

Mar fhreagairt ar ionradh na Rúise, ghlac Ballstáit an Aontais smachtbhannaí diana nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe i ndlúthchomhar le comhpháirtithe, lena n-áirítear na Stáit Aontaithe, an Ríocht Aontaithe, Ceanada, an Astráil agus an tSeapáin. Ón 24 Feabhra 2022, tá méadú ollmhór déanta ag an Aontas ar na bearta sriantacha earnála trí 13 bpacáiste smachtbhannaí i ndiaidh a chéile (chomh fada le mí Aibreáin 2024) agus tá líon suntasach daoine agus eintiteas curtha leis an liosta smachtbhannaí agus é mar aidhm leis sin dlús a chur leis an mbrú atá ar an Rúis deireadh a chur leis an gcogadh. Tá sé i gceist leis na bearta sriantacha bunús eacnamaíoch na Rúise a lagú, teicneolaíochtaí agus margaí riachtanacha a bhaint di agus a hacmhainneacht feartha cogaidh a laghdú go mór. Tá an 14ú pacáiste smachtbhannaí faoi chaibidil.

Mar thoradh ar theacht i gcomharbas tapa 13 phacáiste de smachtbhannaí AE, ar tugadh 'réabhlóid smachtbhannaí' air cheana féin, tá sraith beart ann nach bhfacthas a leithéid riamh atá dírithe ar phríomhearnálacha gheilleagar na Rúise agus ar scothaicme pholaitiúil na tíre. Le gach pacáiste, rinneadh raon feidhme na gcóras smachtbhannaí a glacadh ó 2014 ar aghaidh a leasú agus a leathnú go hincriminteach, agus cuireadh córas nua isteach lena gcuirtear cosc ar earraí de thionscnamh chríocha Donetsk, Luhansk, Kherson agus Zaporizhzhia a bhí ionghafa go neamhdhleathach a allmhairiú isteach san Aontas. Tá sé beartaithe go mbeidh na pacáistí smachtbhannaí dian agus go mbeidh éifeachtaí fadréimseacha acu ar fud earnálacha an airgeadais, an fhuinnimh, an iompair agus an aerspáis, na teicneolaíochta, an chomhairliúcháin, na craoltóireachta chomh maith le hearnálacha an mhiotail, na só-earraí agus na n-earraí eile. Clúdaíonn srianta easpórtála agus iompórtála níos mó ná 50% den trádáil réamhchogaidh idir an AE agus an Rúis.

Anuas ar na smachtbhannaí aonair agus eacnamaíocha, forchuireadh roinnt smachtbhannaí taidhleoireachta ina dhiaidh sin, lena n-áirítear éascú víosaí idir AE agus an Rúis a chur ar fionraí. In éineacht le baill eile de EDT, d'aontaigh an tAontas

cóireáil an náisiúin barrfhabhair a dhiúltú do tháirgí agus do sheirbhísí na Rúise ar mhargaí AE.

Amhail ó dheireadh mhí an Mheithimh 2024, cumhdaítear níos mó ná 2100 duine aonair agus eintiteas leis na liostaí smachtbhannaí. Áirítear ar na daoine a bhfuil smachtbhannaí curtha orthu Uachtarán Chónaidhm na Rúise, Vladimir Putin, Aire Gnóthaí Eachtracha na Rúise, Sergey Lavrov, na 351 chomhalta de Dhúma an Stáit a d'fhormhuinigh aitheantas do chríocha Donetsk agus Luhansk a bhí faoi fhorghabháil go sealadach, oifigigh ardleibhéil agus pearsanra míleata, gníomhaithe bréagaisnéise, iad siúd atá freagrach as ionsaithe diúracán i gcoinne sibhialtach agus bonneagar sibhialtach criticiúil agus as leanaí ón Úcráin a fhuadach agus a uchtú go neamhdhleathach ina dhiaidh sin, agus go leor daoine eile. Áiríodh roinnt comhaltaí ardchéime d'eagraíocht amhais Ghrúpa Wagner ar an liosta smachtbhannaí. I Meitheamh 2023, chuir an Chomhairle smachtbhannaí ar naonúr as pianbhreith a ghearradh ar an bpolaiteoir freasúra, an gníomhaí daonlathais agus an cáinteoir Creimile, Vladimir Kara-Murza, ar feadh 25 bliana príosúnachta ar bhonn cúisimh pholaitiúla agus líomhaintí bréagacha. Le déanaí, cuireadh oifigigh phríosúin agus bhreithiúnacha Rúiseacha a bhfuil baint acu le bás Alexei Navalny leis an liosta smachtbhannaí freisin.

Chomh maith leis an raon leathan smachtbhannaí, chuir an tAontas dlús leis an gcomhrac i gcoinne a n-imchéimniúcháin ag an Rúis. Ionas nach mbainfear an bonn ó éifeachtacht smachtbhannaí an Aontais le honnmhairí trí thríú tíortha, tá bearta nua tugtha isteach ag an Aontas chun cosc a chur ar a thoirmisc onnmhairiúcháin ar earraí agus ar theicneolaíocht shonrach a imchéimniú, go háirithe earraí dé-úsáide, comhpháirteanna criticiúla agus ardteicneolaíochtaí.

Thairis sin, cuireadh sárú ar bhearta sriantacha leis an liosta de 'choireanna an Aontais', agus chomhaontaigh an Chomhairle, an 9 Meitheamh 2023, cionta coiriúla agus pionóis a thabhairt isteach as sárú ar smachtbhannaí an Aontais agus é a dhéanamh níos éasca briseadh beart smachtbhannaí a imscrúdú, a ionchúiseamh agus pionós a ghearradh ina leith ar fud an Aontais.

I mí Mheán Fómhair 2022, chuir Ballstáit an Aontais comhaontú 2007 um eisiúint víosaí a éascú idir an tAontas agus an Rúis ar fionraí go hiomlán, ghlac an Coimisiún treoirlínte chun a áirithiú nach raibh tionchar diúltach ag an bhfionraí sin orthu siúd a raibh cosaint de dhíth orthu agus ar dhaoine a bhí ag taisteal chuig an Aontas chun críoch bunriachtanach, amhail iriseoirí, easaontaigh agus ionadaithe na sochaí sibhialta.

Mar fhrithbheart i leith AE agus na smachtbhannaí idirnáisiúnta eile a forchuireadh ar an Rúis tar éis di ionradh a dhéanamh ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, d'fhoilsigh Rialtas na Rúise liosta de thíortha eachtracha 'eascairdiúla', lena n-áirítear Ballstáit AE, an Ríocht Aontaithe, na Stáit Aontaithe agus náisiúin eile a bhfuil scéim smachtbhannaí acu i gcoinne na Rúise. Tá daoine ó na náisiúin sin faoi réir córas de fhrith-smachtbhannaí díoltais a mbíonn tionchar acu ar ghnó agus ar mhargaí airgeadais éagsúla lena mbaineann nasc Rúiseach, agus ar córas é atá ag éirí níos mionsonraithe de réir a chéile. An 31 Márta 2022, chinn údaráis na Rúise freisin a 'stopliosta' a leathnú go suntasach chun 'ardcheannaireacht AE, roinnt coimisinéirí Eorpacha agus ceannairí chomhlachtaí míleata AE, chomh maith le tromlach mór Fheisirí Pharlaimint na hEorpa' a chuimsiú, agus an ceart chun dul isteach i gcríoch na Rúise á dhiúltú dóibh.

Níl an liosta sin foilsithe go hoifigiúil, rud a chuireann as an áireamh aon bhealach a d'fhéadfadh a bheith ann chun achomharc dlíthiúil a dhéanamh, seachas toirmeasc taistil an Aontais. Áirítear ar dhúliosta na Rúise freisin oifigigh ardleibhéil ó rialtais roinnt Ballstát de chuid an Aontais agus comhaltaí de pharlaimintí náisiúnta, chomh maith le pearsana poiblí agus na meán.

Ós rud é gur sárú follasach ar an dlí idirnáisiúnta agus ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe é ionradh gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin, tá an tAontas ag tacú le hiarrachtaí na hÚcráine agus le hiarrachtaí idirnáisiúnta chun cuntasacht a áirithiú as coireanna cogaidh, as coireanna tromchúiseacha eile a rinneadh, lena n-áirítear coir an fhogha, agus as an damáiste ollmhór a rinneadh. Chuir an Coimisiún Eorpach in iúl, agus é ag leanúint de thacaíocht a thabhairt d'obair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, go raibh sé réidh le hoibriú leis an bpobal idirnáisiúnta chun binse idirnáisiúnta speisialta ad hoc a bhunú chun coireanna ionsaithe na Rúise i gcoinne na hÚcráine, arna ndéanamh ag ceannaireacht pholaitiúil agus mhíleata Chónaidhm na Rúise agus a comhghuaillithe, go háirithe an Bhealarúis, a imscrúdú agus a ionchúiseamh. I mBealtaine 2023, tugadh cumhachtaí nua do Eurojust chun fianaise a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil chun imscrúdú breise ar choireanna cogaidh, ar chinedhíothú agus ar choireanna in aghaidh an chine dhaonna a dhéantar ar chríoch na hÚcráine a éascú. I mí Iúil 2023, seoladh an Lárionad Idirnáisiúnta um Ionchúiseamh Choir an Fhogha faoin Úcráin (ICPA) in Eurojust, le rannpháirtíocht chomhaltaí Fhoireann Chomhpháirteach Imscrúdaithe an Aontais Eorpaigh.

Tá an Coimisiún Eorpach ag féachaint freisin ar bhealaí chun sócmhainní reoite na Rúise a úsáid le haghaidh théarnamh agus atógáil na hÚcráine, i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta. Tá EUR 260 billiún de shócmhainní bainc ceannais na Rúise reoite i dtíortha G7 ó rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin, agus tá dhá thrian de na sócmhainní sin á sealbhú san Aontas. Pléifear ag cruinniú mullaigh G7 i mí an Mheithimh 2024 conas cur chuige a chomhordú i measc bheartais na gcomhpháirtithe idirnáisiúnta.

Mar a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach, tá plé á dhéanamh ag na Ballstáit anois ar an bhféidearthacht úsáid a bhaint as an ioncam urghnách a eascraíonn as sócmhainní bainc ceannais na Rúise atá sáinnithe san Aontas. An 12 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle creat dlíthiúil chun na brabúis amhantair sin a chur i leataobh. Rinneadh an dara togra an 18 Márta, chun 90 % de na hioncaim sin a leithdháileadh ar an tSaoráid Eorpach Síochána, chun an tacaíocht mhíleata don Úcráin a mhéadú, agus 10 % chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais atógála agus chun tacú le hacmhainneachtaí thionscal cosanta na hÚcráine. Níor thángthas ar aon chomhaontú go fóill ach tuairiscíodh go bhfuil dul chun cinn déanta.

Faoi Vladimir Putin, go háirithe ó 2012 ar aghaidh, tá an spás le haghaidh gníomhaíocht aonair agus comhghníomhaíochta tar éis laghdú de réir a chéile ach go córasach, trí shrianta reachtacha agus trí imeaglú spriocdhírithe ar cháinteoirí. Le himeacht na mblianta, tá srianta fairsinge dlí tugtha isteach ag údaráis na Rúise ar 'ghníomhairí eachtracha' agus ar eagraíochtaí 'neamh-inmhianaithe' agus 'antoisceacha', lena ndírítear ar na céadta eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna), agus tá méadú suntasach tagtha ar chinsireacht na meán, an idirlín agus na meán sóisialta. Tá méadú ag teacht ar líon na ngníomhaithe sochaí sibhialta, ar líon chosantóirí chearta an duine agus ar líon iriseoirí neamhspleácha a ainmníodh mar 'ghníomhairí eachtracha',

a ciapadh agus a cuireadh i bpríosún; dúnadh eagraíochtaí chearta an duine; agus cuireadh srian leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse comhthionóil shíochánta agus saoirse comhlachais. Díríodh freisin ar iriseoireacht imscrúdaitheach agus sonraí, agus tá na meáin atá faoi rialú an stáit tar éis íomhá de 'dhúnfort faoi léigear' atá faoi ionsaí ón 'Iarthar comhchoiteann' a chur chun cinn gan staonadh. Ina theannta sin, reáchtáladh toghcháin pharlaiminteacha 2016 agus 2021 agus toghcháin réigiúnacha agus áitiúla mhí Mheán Fómhair 2022 i dtimpeallacht shriantach pholaitiúil agus meán, agus, mar thoradh air sin, bua suntasach a bhí ann do pháirtí Putin, an Rúis Aontaithe. Fuair breathnóirí toghcháin (go dtí 2016) agus na meáin neamhspleácha nach raibh caighdeáin idirnáisiúnta á gcomhlíonadh ag toghcháin arís agus arís eile agus gur chuir calaois, slógadh san ionad oibre, eisiamh córasach an fhreasúra agus neamhrialtachtaí eile ó mhaith iad. I mí Mheán Fómhair 2023, reáchtáil Cónaidhm na Rúise toghcháin réigiúnacha, lena n-áirítear i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, a cháin an tAontas agus a measadh a bheith neamhdhleathach agus neamhdhlisteanach. Thug saineolaithe dá n-aire nach raibh siad fiú chomh cothrom agus chomh saor agus a bhí na toghcháin roimhe seo. Tá cearta vótála shaoránaigh na Rúise imithe in olcas go dtí an pointe inar féidir a mheas nach bhfuil aon fhíorphrionsabal daonlathach ag na toghcháin sin.

Tar éis dó a cheathrú téarma uachtaránachta a fháil in 2018, d'eagraigh Vladimir Putin leasuithe bunreachtúla in 2020, a lig dó fanacht i gcumhacht tar éis 2024 (go teoiriciúil go dtí 2036). I mí an Mhárta 2024, bhuaigh Vladimir Putin a chúigiú téarma uachtaránachta, ag fáil 87.28% le vótáil 77.44% de na vótálaithe incháilithe, i dtoghchán a measadh a bheith neamhdhaonlathach. Reáchtáladh na 'toghcháin' uachtaránachta sin an 15-17 Márta i dtimpeallacht an-srianta agus faoi bholscaireacht láidir. D'eisigh an tAontas ráiteas inar athdhearbhaigh sé nach n-aithníonn sé agus nach n-aithneoidh sé choíche gur reáchtáladh na 'toghcháin' sin, mar a thugtar orthu, i gcríocha na hÚcráine ná torthaí na dtoghchán sin. Dhearbhaigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála / Leas-Uachtarán an Choimisiúin Josep Borrell go raibh an toghchán bunaithe ar dhlíthe diansmachtúla, mar thoradh ar easpa iomaíochta inchreidte agus meán neamhspleách, coinneáil threallach géarleanúint ar cheannairí freasúra polaitiúla, ionadaithe na sochaí sibhialta agus iriseoirí agus mar thoradh ar bhás tobann cheannaire freasúra na Rúise agus bhuaiteoir dhuais Sakharov, Alexei Navalny, faoi choimeád i gceann de na coilíneachtaí pionósacha is déine sa Rúis. Ag díospóireacht i bParlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024, dhearbhaigh Borrell nach bhféadfaí 'toghcháin' a thabhairt orthu sin i dtimpeallacht den sórt sin. Ina theannta sin, is é seo an dara huair as a chéile nach raibh an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) in ann breathnóireacht a dhéanamh ar thoghcháin sa tír (tar éis thoghcháin pharlaiminteacha 2021).

Tar éis 10 mbliana de laghdú ar an réimse poiblí faoi Vladimir Putin, cuireadh tús le fáinne fí nua de bhrú faoi chois polaitiúil intíre tar éis do Alexei Navalny filleadh ar an Rúis i mí Eanáir 2021, agus tá méadú suntasach tagtha air ó thús ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022. Tá aon easaontú nó imeacht ó leagan oifigiúil na n-imeachtaí faoi réir smachtbhannaí agus rinneadh guthanna criticiúla sa tsochaí a choiriúlú a thuilleadh. Saintréith de chuid Innéacs Daonlathais EIU 2023 is ea an Rúis mar 'réimeas forlámhach', agus í rangaithe sa 144ú háit as 167 dtír, faoi bhun Nicearagua, Veiniséala agus na Nigéire. Thit rangú shaoirse na Rúise sna meáin san

Innéacs Domhanda de Shaoirse an Phreasa naoi n-áit tar éis a hionraidh ar an Úcráin, go dtí an 167ú háit as 180, agus tuairiscítear go bhfuil an staid 'an-tromchúiseach'. Thug Mariana Katzarova, Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le staid chearta an duine i gCónaidhm na Rúise, chun suntais go mion minic go bhfuil staid chearta an duine laistigh den Rúis imithe in olcas go mór ó rinneadh ionradh ar an Úcráin, agus gur cuireadh cearta sibhialta agus polaitiúla faoi chois mar gheall air sin.

Ón 24 Feabhra 2022, tá 20 000 agóideoir frithchogaidh faoi choinneáil sa Rúis agus tá os cionn 1 000 príosúnach polaitiúil ann faoi láthair de réir OVD-Info. Cháin an tAontas an chniogbheartaíocht chórasach atá á déanamh ar ENRanna, ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ar chosantóirí chearta an duine agus ar iriseoirí neamhspleácha laistigh agus lasmuigh den Rúis agus leanann sé de thacaíocht a thabhairt do Rúiseach atá ag labhairt amach nó ag agóid i gcoinne an chogaidh san Úcráin. D'athdhearbhaigh an tAontas arís agus arís eile a dhlúthpháirtíocht le Vladimir Kara-Murza, Alexei Navalny, Ilya Yashin, Oleg Orlov, agus na Rúisigh uile a ionchúisíodh, a cuireadh i bpríosún nó a imeaglaíodh as leanúint de bheith ag troid ar son chearta an duine agus as an bhfírinne a insint faoi ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha an réimis.

## NA COMHAONTUITHE ATÁ I BHFEIDHM

Is é CCC an Mheithimh, 1994, an bunús dlí don chaidreamh idir AE agus an Rúis. Bhí sé bailí ar dtús le haghaidh 10 mbliana, agus déantar é a athnuachan go huathoibríoch gach bliain. Leagtar síos leis na príomhchuspóirí coiteanna agus bunaítear leis an creat institiúideach le haghaidh teagmhálacha déthaobhacha – lena n-áirítear comhairliúcháin rialta maidir le cearta an duine agus cruinnithe mullaigh uachtaránachta débhliantúla – atá reoite faoi láthair.

Ag cruinniú mullaigh Chathair Pheadair in 2003, threisigh AE agus an Rúis a gcomhar trí cheithre 'Spás Choiteanna' a chruthú: spás eacnamaíoch; spás saoirse, slándála agus ceartais; spás slándála seachtraí; agus spás taighde, oideachais agus cultúir. Ar an leibhéal réigiúnach, rinne AE agus an Rúis, in éineacht leis an Iorua agus an Íoslainn, an beartas nua maidir le Diminsean an Tuaiscirt a chur ar bun in 2007, lena ndírítear ar chomhar trasteorann i réigiúin Mhuir Bhailt agus Mhuir Barents. I mí Iúil 2008, cuireadh tús le caibidlíocht le haghaidh comhaontú nua idir AE agus an Rúis chun 'gealltanais atá ceangailteach ó thaobh an dlí de' i réimsí amhail idirphlé polaitiúil, ceartas, saoirse, slándáil, comhar eacnamaíoch, taighde, oideachas, cultúr, trádáil, infheistíocht agus fuinneamh a bheith ar áireamh ann. Seoladh 'Comhpháirtíocht um Nuachóiriú' in 2010. In 2011, cuireadh bailchríoch ar an gcaibidlíocht maidir le comhaontú um éisiúint víosaí a éascú. Ba é a bhí mar thoradh ar idirghabháil na Rúise sa Chrimé, áfach, gur cuireadh na cainteanna agus na próisis sin go léir ar fionraí. In 2014, chuir an Chomhairle Eorpach stop leis an gcomhar leis an Rúis (seachas maidir le teagmhálacha idirphearsanta), agus maoiniú nua AE chun tairbhe na tíre trí na hinstitiúidí idirnáisiúnta maoiniúcháin. Tá brú ar an gcaidreamh idir AE agus an Rúis ón ionghabháil neamhdhleathach a rinne an Rúis ar an gCrimé agus ar chathair Sevastopol in 2014 agus ó na gníomhaíochtaí díchobhsaitheacha a rinne sí in oirthear na hÚcráine. Tar éis don Rúis tús a chur lena hionradh ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022, cuireadh an comhar polaitiúil, cultúrtha agus eolaíoch a bhí fágtha ar fionraí.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

D'fhormhuinigh Parlaimint na hEorpa CCC in 1997 faoi 'nós imeachta an aontaithe'.

Ghlac an Pharlaimint sraith rún maidir leis an Úcráin, ar rúin iad ina gcáintear ionghabháil neamhdhleathach na Rúise ar an gCrimé in 2014 agus a ról in oirthear na hÚcráine a dhíchobhsú. Ghlac an Pharlaimint rúin maidir le staid an chaidrimh idir AE agus an Rúis i mí an Mheithimh 2015 agus i mí an Mhárta 2019, rún lenar tacaíodh le smachtbhannaí AE agus lenar cuireadh i bhfáth an gá le cúnamh airgeadais níos uaillmhianaí a sholáthar do shochaí shibhialta na Rúise agus teagmhálacha idirphearsanta a chur chun cinn in ainneoin caidreamh deacair. I rún 2019, cuirtear in iúl mórchúis imní mar gheall ar iompraíocht na Rúise, go háirithe i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir. Déantar cáineadh chomh maith sa rún ar an meath ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha sa Rúis agus moltar ann nach measfaí an Rúis a thuilleadh a bheith ina 'páirtí straitéiseach' de chuid AE. I mí Mheán Fómhair 2021, ghlac an Pharlaimint moladh maidir le treo an chaidrimh pholaitiúil idir AE agus an Rúis lena gceanglaítear ar AE 'a áirithiú go mbeidh aon rannpháirtíocht bhreise leis an gCreimil ag brath ar ghealltanas na Creimile deireadh a chur lena fogha intíre i gcoinne a muintire féin, stop a chur le brú faoi chois sistéamach ar an bhfreasúra agus... príosúnaigh pholaitiúla, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, gach dlí atá ar neamhréir le caighdeáin idirnáisiúnta a aisghairm nó a leasú, amhail na dlíthe maidir le 'gníomhairí eachtracha'... agus deireadh a chur lena fogha seachtrach i gcoinne tíortha comharsanachta'. Iarrann sí línte dearga atá sainithe go soiléir a bheith ag an Aontas agus staonadh ón gcomhar leis an Rúis a shaothrú ach amháin ar mhaithe le bealaí idirphlé a choinneáil ar oscailt. Iarrann sí freisin go mbeadh fís agus straitéis ann maidir lena mbeidh i ndán don chaidreamh idir an tAontas agus an Rúis, ar tír í a bheidh saor, rathúil, síochánta agus daonlathach.

Roimh 2014, bhí an Pharlaimint i bhfabhar comhaontú nua cuimsitheach leis an Rúis, bunaithe ar luachanna agus leasanna coiteanna. Tá curtha in iúl ag an bParlaimint, arís is arís eile, áfach, go bhfuil imní mhór uirthi i ndáil le cearta an duine, an smacht reachta agus staid an daonlathais sa Rúis, mar shampla i ndáil leis na dlíthe i gcoinne 'bholscaireacht' LADTI, díchoiriúlú a dhéanamh ar fhoréigean teaghlaigh neamhghéaraitheach agus feachtas géar i gcoinne eagraíochtaí neamhrialtasacha neamhspleácha nó i gcoinne eagraíochtaí a fhaigheann cistiú ó lasmuigh den Rúis etc. Cháin an Pharlaimint, go háirithe, na leibhéil nach bhfacthas a leithéid riamh, de sháruithe ar chearta an duine atá á ndéanamh i gcoinne áitritheoirí na Crimé, go háirithe na Tataraigh. In 2018, d'éiligh sí go scaoilfí saor an stiúrthóir scannán Oleg Sentsov, a chuir i gcoinne ionghabháil neamhdhleathach na Crimé, agus bronnadh Duais Sakharov air. Scaoileadh Sentsov saor in 2019 mar chuid de mhalartú príosúnach idir an Rúis agus an Úcráin. Rinne an Pharlaimint mórcháinedh ar an iarracht a rinneadh ar Alexi Navalny a fheallmharú in 2020.

Ó thús chogadh fogha na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ghlac an Pharlaimint go leor rún ina gcáintear fogha na Rúise agus na coireanna a rinneadh ina dhiaidh sin agus chuir sí in iúl go dtacaíonn sí go diongbháilte le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta.

Le bliain go leith anuas, tar éis ionradh mórscála na Rúise ar an Úcráin thacaigh Parlaimint na hEorpa go láidir le smachtbhannaí láidre agus éifeachtacha an Aontais mar phríomhionstraim i gcoinne Chónaidhm na Rúise, na Bealarúise agus chomhghuaillithe Chónaidhm na Rúise. D'iarr sí go ndéanfaí sócmhainní Rúiseacha arna gcalcadh ag AE a choigistiú agus go n-úsáidfí iad chun cabhrú le hatógáil na hÚcráine agus ar chúiteamh d'íospartaigh ionsaí na Rúise. Maidir leis an gcomhar i leith smachtbhannaí ar fud an domhain, d'iarr Parlaimint na hEorpa ar chomhpháirtithe ailíniú leis na smachtbhannaí sin agus is cúis imní di go bhfuil roinnt tríú tíortha ag comhoibriú leis an Rúis chun cabhrú léi dul timpeall ar smachtbhannaí.

Ina rún an 23 Samhain 2022, d'aithin an Pharlaimint an Rúis mar urraitheoir stáit ar an sceimhlitheoireacht agus mar stát a úsáideann modhanna sceimhlitheoireachta, agus d'iarr sí ar an gcomhphobal idirnáisiúnta a bheith aontaithe maidir le cuntasacht as coireanna cogaidh, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coir an ionsaithe a bhunú. I roinnt rún, d'iarr an Pharlaimint go dtabharfaí an tUachtarán Putin, ceannairí eile na Rúise agus a gcomhghuaillithe Bealarúiseacha chun cuntais as an gcoir ionsaithe a rinne siad. I rún uaithi an 19 Eanáir 2023, tacaíonn an Pharlaimint le binse idirnáisiúnta speisialta a chruthú chun coir an ionsaithe i gcoinne na hÚcráine a ionchúiseamh, arb ionsaí é a rinne ceannaireacht pholaitiúil agus mhíleata Chónaidhm na Rúise agus a comhghuaillithe, go háirithe an Bhealarúis. Tacaíonn sí go hiomlán freisin leis an imscrúdú atá ar bun faoi láthair ag Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta (ICC) ar an staid san Úcráin agus ar na coireanna cogaidh, na coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus an cinedhíothú a líomhnaíodh; I mí an Mhárta 2023, nuair a fógraíodh gur eisíodh barántais ghabhála na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta le haghaidh Vladimir Putin agus Maria Lvova-Belova, Coimisinéir um Chearta Leanaí d'Uachtarán na Rúise, mar gheall ar dhíbirt neamhdhleathach leanaí na hÚcráine go críoch na Rúise, ba dhíol sásaimh do Pharlaimint na hEorpa an cinneadh le linn díospóireacht iomlánach.

I moladh uaithi an 8 Meitheamh 2022 maidir le 'Beartas Eachtrach, Slándála agus Cosanta AE tar éis chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine', d'áitigh an Pharlaimint ar an Ardionadaí/Leas-Uachtarán Josep Borrell cur chuige iomlánaíoch a shaothrú i leith Chónaidhm na Rúise agus deireadh a chur le haon rannpháirtíocht roghnaitheach le Moscó i bhfianaise na n-ainghníomhartha agus na gcoireanna cogaidh arna n-eagrú ag scothaicmí polaitiúla na Rúise agus arna ndéanamh ag trúpaí na Rúise, a seach-ionadaithe agus amhais san Úcráin agus in áiteanna eile.

I rún uaithi an 16 Feabhra 2023, d'admhaigh an Pharlaimint go raibh athrú ó bhonn déanta ag cogadh foghach na Rúise ar an staid gheopholaitiúil san Eoraip, agus dá bhrí, sin d'iarr sí ar AE cinntí polaitiúla, slándála agus airgeadais dána, cróga agus cuimsitheacha a dhéanamh agus leanúint le leithlisiú idirnáisiúnta Chónaidhm na Rúise.

Ag an am céanna, creideann an Pharlaimint freisin gur cheart don Choimisiún, don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar conas teagmháil a dhéanamh leis an Rúis sa todhchaí agus ar conas cabhrú léi le haistriú rathúil ó réimeas forlámhach go tír dhaonlathach a thréigeann beartais athbhreithnitheacha agus impiriúlacha, mar a luaitear ina rún an 6 Deireadh Fómhair 2022.

Sular cuireadh tús leis an gcogadh foghach, bhí cos ar bolg intíre réimeas na Rúise agus an meath méadaitheach ar staid chearta an duine sa tír á gcáineadh ag an bParlaimint

le blianta anuas. Nuair a sheol an Rúis a cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine, d'athdhearbhaigh an Pharlaimint go gcáineann sí go láidir go háirithe na srianta tromchúiseacha a chuirtear ar an tsaoirse tuairimíochta agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, an ceart chun comhthionóil shíochánta agus chun comhlachais, agus an chniogbheartaíocht chórasach ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ar chosantóirí chearta an duine, ar na meáin neamhspleácha, ar dhlíodóirí agus ar an bhfreasúra polaitiúil. Is olc leis an bParlaimint freisin reachtaíocht fhairsing na Rúise lena ngabhann srian forleathan, lena n-áirítear reachtaíocht maidir le 'gníomhairí eachtracha' agus 'eagraíochtaí neamh-inmhianaithe', na hathruithe ar an gCód Coiriúil agus ar Dhlí na Mórmheán, a úsáidtear chun gabháil do chiapadh breithiúnach i gcoinne guthanna easaontacha sa tír agus thar lear agus chun an bonn a bhaint de na meáin neamhspleácha. Thairis sin, cháin sí an chinsireacht leanúnach agus mhéadaitheach sa Rúis.

Go háirithe, cháin an Pharlaimint arís agus arís eile an Rúis as pianbhreith Alexei Navalny ar ar bronnadh Duais Sakharov Pharlaimint na hEorpa in 2021. Ós rud é gur gabhadh níos mó gníomhaithe agus gur cuireadh i bpríosún iad, ghlac an Pharlaimint dhá rún – an 7 Aibreán 2022 agus an 20 Aibreán 2023 faoi seach – ina gcáintear an brú faoi chois méadaitheach sa Rúis, go háirithe cásanna Vladimir Kara-Murza agus Alexei Navalny. Mar chuid den 'Fheachtas Navalny a Shaoradh', i mí an Mheithimh 2023, rinne an Pharlaimint macasamhail iomlán den chill phionóis (Shizo) ina raibh pianbhreith 9.5 bliana á cur isteach ag Alexei Navalny a shuiteáil os comhair fhoirgneamh na Parlaiminte sa Bhruiséil. Bhí sé beartaithe ag an imeacht, a eagraíodh faoi chuimsiú ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an nGrúpa Tacaíochta Daonlathais agus Comhordaithe Toghcháin (DEG), aird a tharraingt ar chruachás Alexei Navalny agus an pobal a chur ar an eolas faoin gcos ar bolg ar an bhfreasúra polaitiúil sa Rúis. An 29 Feabhra 2024, ghlac an Pharlaimint rún tar éis bhás tobann Alexei Navalny lenar cáilíodh é mar 'dhúnmharú' a bhfuil freagracht choiriúil agus pholaitiúil ar Rialtas na Rúise agus ar Vladimir Putin go pearsanta ina leith. D'iarr an Pharlaimint ar an Ardionadaí/Leas-Uachtarán Josep Borrell agus ar na Ballstáit ceannaireacht pholaitiúil agus údaráis na Rúise a thabhairt chun cuntais, agus smachtbhannaí a fhorchur orthu siúd a raibh baint acu le trialacha, pianbhreith, príosúnacht agus dálaí coinneála Navalny. Arís, cháin sí an géarú atá tagtha ar sháruithe ar chearta an duine ag réimeas na Rúise.

I rún uaithi an 5 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Pharlaimint in iúl gur cúis imní di Zarema Musaeva, cosantóir chearta an duine ón tSeisnia. Tá sáruithe ar chearta an duine sa tSeisnia cáinte go láidir agus go seasta ag an bParlaimint freisin.

Tá a dlúthpháirtíocht agus a tacaíocht curtha in iúl ag an bParlaimint do mhuintir na Rúise agus na Bealarúise atá ag agóid i gcoinne ionsaí foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus d'éiligh sí go ndéanfadh na Ballstáit tearmann a chosaint agus a dheonú do Rúisigh agus do Bhealarúisigh atá faoi ghéarleanúint as labhairt amach i gcoinne an chogaidh, chomh maith le fásaigh agus agóideoirí coinsiasacha na Rúise agus na Bealarúise. D'iarr sí freisin ar institiúidí an Aontais dul i dteagmháil le ceannairí daonlathacha na Rúise agus leis an tsochaí shibhialta agus tacaíonn sí le cruthú moil daonlathais don Rúis, arna óstáil ag Parlaimint na hEorpa. Bhuail Uachtarán Pharlaimint na hEorpa le roinnt ionadaithe ó fhreasúra na Rúise in 2022, tá malartuithe rialta tuairimí á reáchtáil ag an bhfochoiste um Chearta an Duine le hiriseoirí neamhspleácha

Rúiseacha, leis an tsochaí shibhialta agus le hionadaithe ón bhfreasúra. D'eagraigh Feisirí aonair cruinniú comhchéime freisin maidir le Rúis a bheidh daonlathach amach anseo an 5 agus an 6 Meitheamh 2023 inar tugadh le chéile ionadaithe ó Institiúidí an Aontais, Feisirí Eorpacha agus ionadaithe mór le rá ó gach sruth de na meáin shaora Rúiseacha agus ón bhfreasúra polaitiúil.

An 25 Aibreán 2024, roimh a sos, bhí vóta tábhachtach ag an bParlaimint inar thángthas ar an gconclúid go raibh an toghchán uachtaránachta, mar a thugtar air, sa Rúis ón 15 go dtí an 17 Márta neamhdhlisteanach agus neamhdhaonlathach, agus cháin sí go haonchiallach an toghchán, mar a thugtar air, a reáchtáladh i gcríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach. D'áitigh an Pharlaimint freisin ar Bhallstáit AE agus ar an gcomhphobal idirnáisiúnta gan toradh thoghchán na huachtaránachta a aithint mar thoradh dlisteanach, ós rud é nach raibh sé saor ná cothrom, ná nár chomhlíon sé na bunchaighdeáin idirnáisiúnta toghcháin, agus dá bhrí sin go raibh easpa dlisteanachta daonlathaí ann.

An 14 Feabhra 2024, rinne DEG agus Toscaireacht Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gcaidreamh leis an Rúis comhdháil a eagrú i gcomhpháirt inar iarradh ar ionadaithe fhreasúra na Rúise agus dlíodóirí um chearta an duine díospóireacht a dhéanamh faoi bhrí na dtoghchán uachtaránachta sin.

Forbraíodh caidreamh le reachtóirí na Rúise den chuid is mó sa Choiste um Chomhar Parlaiminteach (CPC), fóram idirpharlaiminteach arna bhunú ag CCC idir AE agus an Rúis. Idir 1997 agus 2014, bhí an CPC ina ardán seasmhach chun comhar agus idirphlé a fhorbairt idir na toscaireachtaí ón bParlaimint agus ó Thionól Chónaidhme na Rúise. Ó bhí mí an Márta 2014 ann, áfach, tá deireadh curtha ag an bParlaimint leis na cruinnithe caidreamh idirpharlaiminteach sin, i gcomhréir le bearta sriantacha AE arna bhfreagairt do ghéarchéim na hÚcráine. Mar sin féin, leanann Toscaireacht na Parlaiminte chuig PCC AE-na Rúise de theacht le chéile go rialta chun anailís a dhéanamh ar thionchar ionsaí foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar fud an domhain agus ar bhonn intíre, agus go háirithe ar chniogbheartaíocht údaráis na Rúise ar shochaí shibhialta na Rúise, ar cniogbheartaíocht í atá ag dul in olcas, agus díospóireachtaí a reáchtáil maidir leis an tionchar sin. Sa chomhthéacs sin, bíonn malartú tuairimí rialta ag an toscaireacht le hionadaithe ó fhreasúra na Rúise, cosantóirí chearta an duine, an tsochaí shibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus iriseoirí neamhspleácha, chomh maith le saineolaithe idirnáisiúnta.

Níor iarr an Rúis ar an bParlaimint breathnóireacht a dhéanamh ar na toghcháin ó 1999 i leith.

Vanessa Cuevas Herman
04/2024